# Glaoch Abhaile

le hÁine Ní Ghlinn



Foghlaim
TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Glaoch Abhaile

le hÁine Ní Ghlinn



Sea sea a Mham
Go diail ar fad
Tá árasán agam
Dhá sheomra
Iad breá cluthar
Teas lárnach agus uile
No níl fón agam go fóill
Ach beadsa chugaibh
don Nollaig
Sea don Nollaig
le cúnamh Dé




Leagann Páidín
síos an fón
crochann a mhála dufail
ar a ghuaille
a mhála codlata
faoina ascaill
is siúlann ar ais
chuig a bhosca
taobh thiar de
Stáisiún Waterloo

# Gluais

## Gluais:

Go diail = togha/go breá/fadhb ar bith
Árasán = baile beag i mbloc mór le hárasáin eile
Breá cluthar = breá te agus compordach
Teas lárnach = córas i bhfoirgneamh chun an áit a théamh
Beadsa chugaibh = tiocfaidh mé ar ais chugaibh
A mhála dufail = mála mór a ghlacann ualach trom
Staisiún Waterloo = stáisiún traenach ollmhór i lár chathair Londan






# Achoimre

## Achoimre ghairid ar an dán

**Véarsa 1**

Glaonn Páidín abhaile agus piocann a mháthair suas an fón. Tá Páidín ar imirce i Londain. Bíonn comhrá breá aige lena mháthair ag insint di faoin árasán deas teolaí atá aige. Insíonn sé di go mbeidh ar ais in am don Nollaig le cúnamh Dé.

**Véarsa 2**

Bréaga a bhí sa chomhrá a bhí ag Páidín lena mháthair. Níl árasán ar bith aige, is ina chónaí ar na sráideanna atá sé. Tá sé gan dídean. Níl aige ach mála dufail le fíorbheagán istigh ann. Tá bosca cairtchláir aige taobh thiar de Stáisiún Waterloo.



# Teideal


## Teideal an dáin:

**‘Bím ag iarraidh guth a thabhairt do dhaoine a chaill a nguth’**

Áine Ní Ghlinn



# Teideal



'Glaoch abhaile' is teideal don dán seo. Is teideal thar a bheith spéisiúil é mar leagann sé béim láithreach ar chumhacht an ghlóir, ar thábhacht na cainte agus ar dheacrachtaí cumarsáide. Baineann an dán seo le glaoch gutháin a dhéanann Páidín ar a mháthair sa bhaile in Éirinn. Tá Páidín ina chónaí i Londain, Shasana agus is léir go bhfuil sé ag iarraidh dallmullóg a chur ar a mháthair. Cé go bhfuil sé ag glaoch abhaile ar a mháthair agus go bhfuil comhrá ar bun eatharthu, níl sé ag déanamh cumarsáide mar is ceart léi.

Tá Páidín ag ligean air go bhfuil sé sona sásta lena shaol i Sasana, go bhfuil ag éirí go maith leis ann agus go bhfuil cúrsaí go maith leis. Sa dara véarsa, áfach, tá sé an-soiléir gur a mhalairt de scéal atá ann. Tá Páidín gan dídean, é ar an ngannchuid agus beo bocht. Mar sin, cé gur glaoch abhaile atá mar theideal an dáin seo, is paradacsa é toisc nach bhfuil Páidín ag labhairt go macánta, go hionraic ná go hoscailte lena mháthair faoin méid atá ag titim amach ina shaol dáiríre. Tá íoróin le sonrú sa teideal dá bharr.



# Saol agus Saothar an Fhile:

Rugadh Áine Ní Ghlinn i gContae Thiobraid Árann sa bhliain 1955. Bhain sí céim amach sa Bhéarla agus sa Ghaeilge ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus cáilíodh mar mhúinteoir meánscoile í. Tá aitheantas bainte amach aici mar fhile, scríbhneoir, iriseoir agus léirmheastóir critice.

Ainmníodh í mar Chraobh-Údar na bpáistí í sa bhliain 2020 agus is minic a théann sí ar chuairteanna scoile fós le scríbhneoireacht chruthaitheach a spreagadh i measc daltaí scoile. Tá ocht leabhar is fiche foilsithe aici, ina measc, Daideo, Fuadach, Úbalonga, Daideo agus Boscadán. Tá a lán leabhar filíochta foilsithe aici, ina measc, Deora nár Caoineadh as a dtagann an dán seo. Tá cónaí ar Áine Ní Ghlinn i mBaile Átha Cliath le blianta fada.



# Téama an dáin

## 'Tá rud éigin caillte aige'

Cé go bhfuil cuma shimplí ar an dán seo ar an gcéad léamh, is dán an-domhain é 'Glaoch Abhaile' atá lán le mothúcháin agus le cruacheisteanna. Dán faoi dheacrachtaí cumarsáide agus faoi dhúshláin an imircigh é seo a léiríonn a uaigní agus is féidir le duine a bheith agus é i bhfad ó bhaile. Cé go bhfuil glór ag Páidín i gcónaí, tá cead cainte caillte aige.

Tosaíonn an dán le ráiteas Pháidín 'Sea sea a Mham/Go diail ar fad'. Cruthaíonn an ráiteas seo atmaisféar grámhar láithreach. Tá Páidín ag iarraidh suaimhneas a chur ar a mháthair agus é as baile. Is léir ón athrá ar an bhfocal 'sea' go bhfuil Páidín ag éirí breán dá mháthair ag cur ceisteanna air agus go mb'fhéidir go bhfuil sí buartha faoi. Déanann sé iarracht í a cheansú le bréaga agus scéalta.





# Téama an dáin

Sa chaint a leanann an ráiteas seo feictear na deacrachtaí cumarsáide idir an mháthair agus an mac ag méadú. Ní chloistear glór na máthar ar chor ar bith agus leanann Páidín air ag labhairt faoin saol breá atá aige i Londain 'Tá árasán agam/[d]há sheomra/[i]ad breá cluthar/[t]eas lárnach agus uile'. Is léir óna chaint gurb iad na rudaí a luann sé na rudaí a shantaíonn sé, áit chompordach agus shábháilte atá te, teolaí agus cluthar.

Tá a lán codarsnachtaí le feiceáil anseo láithreach idir an baile atá fágtha ina dhiaidh aige agus an saol ainnis atá aige i Londain gan dídean. Tá an iomarca bróid agus náire air an fhírinne a insint dá mháthair, is é sin, gur ag codladh i mála codlata atá sé, i mbosca cairtchláir taobh thiar de' Stáisiún Waterloo'.



# Téama an dáin

Leanann Páidín air ag insint bréag, é ag ligean air nach bhfuil fón aige san árasán 'go fóill'. Arís, tá béim á leagan anseo ag an bhfile ar dheacrachtaí cumarsáide na beirte, an mháthair ag iarraidh a bheith cóngarach dó trí ghlaonna gutháin rialta ach níl Páidín in ann an saghas sin cumarsáide a dhéanamh léi go fisiciúil nó go mothúchánach. Deir sé ansin go mbeidh sé ar ais in Éirinn 'don Nollaig/le cúnamh Dé...' Tá tábhacht leis an eireaball sin ar an ráiteas, 'le cúnamh Dé'.

Níl Páidín in ann a gheallúint dá mháthair go mbeidh sé ar ais don Nollaig toisc go bhfuil sé ar an ngannchuid agus nach bhfuil an t-airgead aige taisteal abhaile. Is brónach go maith an íomhá sin den mháthair ag impí air eolas a thabhairt di agus é ag seachaint a cuid ceisteanna.



# Téama an dáin

Más bréaga atá sa chéad véarsa, is fírinne lom agus shearbh atá sa dara véarsa den dán seo. Agus an fón leagtha síos ag Páidín '[c]rochann [sé]/a mhála dufail/ar a ghualainn'. Is íomhá bhrónach í seo de dhúshláin shaol an imircigh. Níl mórán aige sa saol ach an méidín beag suarach atá sa mhála sin.

Baineann an file stangadh as an léitheoir leis an íomhá sin, tuigtear dúinn láithreach gur saol dian lán le hanró atá ag Páidín bocht. Níl ag éirí go maith leis, níl airgead ná foscadh aige. Tá sé gan dídean i gcathair gan trócaire. Níl amhras ar bith ann, mar sin, gur dán cumhachtach é seo faoi fhear óg atá thíos agus a ghlór caillte aige in áit aduain i bhfad ón mbaile.



# Íomhánna

Íomhánna Tábhachtacha sa Dán:




## An fón

### ‘No níl fón agam go fóill’

Is meafar an-tábhachtach é an fón. Gléas cumarsáide is ea fón a chuireann daoine i dteagmháil lena chéile agus a thugann deis dóibh comhrá lena chéile. Tá íoróin ag baint leis an bhfón sa dán seo, toisc nach bhfuil Páidín in ann cumarsáid a dhéanamh lena mháthair. Tá sé ag ceilt na fírinne uaithi. Cuireann an file níos mó béime arís air seo le tost na máthar.

Ní chloistear a glór ar chor ar bith cé go gcuireann sí a lán ceisteanna ar Pháidín. Is léir ó na freagraí a thugann sé uirthi áfach go bhfuil imní agus buairt uirthi, nach bhfuil sí sásta leis an gcomhrá. Seasann ‘No’ leis féin, tá an chuid eile den líne i gcló Iodálach. Leagann sin béim arís ar dhiúltachas agus ar dhrochchás Pháidín.

# Íomhánna



## An t-árasán

'Tá árasán agam/dhá sheomra/iad brea cluthar/[t]eas lárnach agus uile'. Tá a lán siomblachais ag baint leis an íomhá den árasán bréagach seo a chruthaíonn Páidín dá mháthair. Ar nós go bhfuil sé ag taibhreamh, déanann sé cur síos ar bhaile breá teolaí agus compordach atá sábháilte agus sona.

Tá spás aige san árasán seo atá glan i gcodarsnacht leis an 'bosca' atá 'taobh thiar de/Stáisiún Waterloo' dáiríre. Seo an saol a shamhlaigh sé a bheadh aige agus é ag dul anonn go Sasana, an saol a shantaíonn sé dó féin agus é ann anois agus an fhís gur mhaith leis a fhíoradh dá mháthair. Leagann an íomhá seo den árasán béim ar an saol neamhbhuan atá ag Páidín agus é ar thóir saol socair.

# Íomhánna



## An Mála Dufail agus an Mála Codlata

## 'Crochann a mhála dufail/ar a ghuaille/a mhála codlata/faoina ascaill'

Is siombal é an mála den saol neamhbhuan atá ag Páidín gan dídean. Níl aige sa saol ach an méid beag suarach atá á iompar sa mhála aige agus níl maoin an tsaoil aige ach an mála codlata. Cuireann an íomhá seo cruachás an fhir óig in iúl go caolchúiseach. Músclaíonn an íomhá seo brón agus trua sa léitheoir do Pháidín agus é ina aonar i gcathair Londan.

Foghlaim TG4



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Íomhánna



## An Bosca

### ‘is siúlann ar ais/chuig a bhosca/taobh thiar de/Stáisiún Waterloo’

Is meafar é an bosca don saol suarach brónach agus neamhbhuan atá á chaitheamh ag Páidín i Londain. Cuireann suíomh an bhosca leis an mbrón, é suite taobh thiar de cheann de na stáisiúin traenach is mó ar domhan, Stáisiún Waterloo. Tá daoine eile ag taisteal mórthimpeall ar Pháidín ach tá sé fágtha ina aonar, leis féin. Is aonarán é atá dearmadta ag an tsochaí.

# Idir na Línte

Foghlaim TG4